

# Ar Aghaidh Linn




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta




An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Réamhrá

D'eascair an smaoineamh don acmhainn seo as ceardlanna a chuir COGG ar fáil do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais ar fud na tíre chun na bearnaí maidir le hacmhainní RSO a aithint. Léirigh na comhordaitheoirí go soiléir go raibh géarghá le leabhrán caighdeánach do Ghaelcholáistí, do Scoileanna Gaeltachta agus d'Aonaid Ghaeilge chun tacú le hionduchtú scoláirí na chéad bhliana. Cé go bhfuil go leor acmhainní ar fáil a phléann le gnéithe éagsúla den aistriú chuig an iar-bhunscoil, ní raibh acmhainn ann a dhíríonn go sonrach ar na gnéithe uathúla a bhaineann leis an nGaeloideachas agus le hOideachas Gaeltachta in Éirinn.

Sa leabhrán seo rinneamar ár ndícheall blaiseadh cuimsitheach a thabhairt de na topaicí éagsúla a bhíonn mar chuid d'ionduchtú i scoileanna Gaeilge, gan dul thar fóir ná dúbláil a dhéanamh ar ábhair eile ar nós OSPS. Clúdaítear topaicí a bhaineann le socrú isteach, amhail amchlár, eagrúchán, rialacha agus nósanna na scoile, suaitheantas agus mana na scoile, chomh maith le gníomhaíochtaí seach-churaclaim. Pléitear freisin na mothúcháin a bhíonn le brath go láidir sna chéad seachtainí den iar-bhunscoil, mar shampla, cairdeas, bulaíocht, cuimhní ar an mbunscoil, agus spriocanna pearsanta don bhliain amach roimh na scoláirí.

Tugtar deis do scoláirí machnamh agus aireachas a chleachtadh i ngníomhaíochtaí scríbhneoireachta agus dathúcháin. Déantar plé chomh maith ar na Gaeltachtaí, ar fhrásaí úsáideacha Gaeilge don saol scoile, ar Amhrán na bhFiann agus ar amhráin eile a mheasaimid atá tábhachtach do scoláirí atá ag tosú amach san earnáil seo. Tá smaointe éagsúla san áireamh freisin do chluichí cur in aithne agus do ghníomhaíochtaí eile a chothaíonn muintearas agus féinmhuinín mar chuid d'ionduchtú na chéad bhliana.

Tuigimid go mbíonn gach scoil agus gach comhthéacs éagsúil. Dá bhrí sin, is faoi fhoireann scoile na topaicí is oiriúnaí dá scoláirí féin a roghnú mar chuid dá gclár ionduchtaithe. Tá súil againn go mbeidh an acmhainn seo tairbheach do scoileanna agus do scoláirí agus iad ag tabhairt faoin gcéad chéim eile dá dturas oideachais trí mheán na Gaeilge.

Gabhaimid buíochas ó chroí le gach duine a chabhraigh leis an acmhainn seo a chur le chéile, go háirithe na rannpháirtithe sna ceardlanna timpeall na tíre. Gabhaimid buíochas ar leith freisin le foireann COGG as a n-ionchur, a gcomhairle agus a moltaí luachmhara.

**Bainisteoirí Tionscadail:** Caitlín Ní Ruanaidh, Conchubhair Mac Ghloinn
**Dearthóir:** Denis Baker
**Profléitheoir:** Pól Ó Cainín

Tá súil againn go mbainfidh pobal do scoile taitneamh agus tairbhe as an acmhainn seo agus go leanfar de bheith á forbairt amach anseo.

*Ar aghaidh linn le chéile.*

**Jacqueline Ní Fhearghusa**

**Príomhfheidhmeannach COGG**

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Innéacs


| | |
|---|---|
| **Cúrsaí Scoile** | |
| 4 | Mé Féin |
| 5 | Cuimhní Bunscoile |
| 6 | Mo Scoil Nua |
| 7 | Léarscáil Scoile |
| 8 | Mo Chlár Ama |
| 9 - 10 | Foireann na Scoile |
| 11 | An Turas Chun na Scoile |
| 12 | Nóiméad Aireachais |
| **Cairdeas agus Mothúcháin** | |
| 13 | Cluichí Cur in Aithne |
| 14 | Biongó na nDaoine |
| 15 - 16 | Luachanna agus Tréithe |
| 17 | Cé do Laoch? |
| 18 | Conas a Mhothaíonn Tú? |
| 19 | Tacaíocht ar Scoil |
| 20 | Féinchúram |
| 21 | Nóiméad Aireachais |
| **Cúrsaí Scoile** | |
| 22 | Rialacha Scoile |
| 23 | Féilire Scoile |
| 24 | Culaith Scoile |
| 25 | Obair Bhaile |
| 26 | Suíomhanna Úsáideacha |
| 27 | Riail na Gaeilge |
| 28 | Frásaí Úsáideacha Scoile |
| 29 | An Ghaeltacht |
| 30 | Pobal na Gaeilge |
| 31 | An Mála Scoile |
| 32 | Cumainn Sheach-Churaclaim |
| 33 | Am Sosa agus Am Lóin |
| 34 | Nóiméad Aireachais |
| **Cairdeas agus Meas** | |
| 35 - 36 | Canaimis |
| 37 | Cad is Cara Maith Ann? |
| 38 | Is Fearr Cairde ná Ór |
| 39 - 40 | Nach Álainn a Bheith Difriúil |
| 41 | Cairt Ranga |
| **Machnamh agus Ag Breathnú Chun Cinn** | |
| 42 | Nóiméad Aireachais |
| 43 | Sprioc na Bliana |
| 44 - 45 | An Seicliosta Ionduchtaithe |
| 46 - 47 | Cárta Poist Chugat Féin |
| 48 | Am Ceiliúrtha |

# Mé Féin

Céad Ainm: ______________________

Sloinne (i nGaeilge más féidir):

______________________

Aois: ______________________

Áit Chónaithe:

______________________

Bunscoil:

______________________

Tarraing pictiúr díot féin.

Is aoibhinn liom a bheith ag…

Ní maith liom a bheith ag…

Táim ag súil go mór le…

An bhuairt is mó atá agam faoin scoil nua ná…

# Cuimhní Bunscoile


1. Smaoinigh siar ar do thréimhse sa bhunscoil. Cad iad na cuimhní is fearr atá agat ón tréimhse sin? Breac síos iad.

2. Cad iad na difríochtaí is mó idir an bhunscoil agus an iar-bhunscoil? Ainmnigh iad thíos, féach an sampla thíos le cabhrú leat.

| An Bhunscoil | An Iar-Bhunscoil |
|---|---|
| Ní raibh ach múinteoir amháin agam. | Tá go leor múinteoirí difriúla agam anois san iar-bhunscoil. |
| | |
| | |
| | |

# Mo Scoil Nua

**An bhfuil suaitheantas agus mana ag do scoil nua? Tarraing iad thíos agus dathaigh isteach iad. Cad is ciall leo, dar leat? Pléigh do chuid smaointe leis an duine in aice leat.**



# Léarscáil Scoile



**Tarraing learscáil bheag de do scoil nua nó greamaigh pictiúr sa bhosca thíos.**

**Cuir 'X' ar na háiteanna seo:**

- Na Leithris
- An Bhialann
- Oifig an Rúnaí
- Oifig an Phríomhoide
- Seomra foirne
- Na Taisceadáin

# Mo Chlár Ama

## Líon isteach do chlár ama:

| Am | Dé Luain | Dé Máirt | Dé Céadaoin | Déardaoin | Dé hAoine |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

**Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:**

- Cén t-am a bhíonn sos agus lón agat?
- Cén lá is fearr leat de réir an chláir ama? Cén fáth?
- Cathain a bhíonn corpoideachas agat?
- Cén t-am a thosaíonn scoil gach lá?
- An bhfuil leathlá agat?
- Cé mhéad ábhar atá agat ar an iomlán?

# Foireann na Scoile

**An féidir leat na daoine seo a ainmniú? Déan cur síos ar na róil áirithe atá acu? Ainmnigh nó aimsigh grianghraif de na baill foirne thíos.**

| | |
|---|---|
| An Príomhoide | |
| An Leas-Phríomhoide/ Príomhoide Tanáisteach | |
| An Ceann Bliana | |
| An Múinteoir Foirme/ Ranga | |

# Foireann na Scoile

**An féidir leat na daoine seo a ainmniú agus cur síos a dhéanamh ar na róil áirithe atá acu? Ainmnigh nó aimsigh grianghraif de na baill foirne thíos.**

| | |
|---|---|
| Múinteoirí | |
| Cúntóirí Riachtanas Speisialta | |
| An Rúnaí | |
| An Feighlí Scoile | |

# An Turas Chun na Scoile

**Labhair le duine fásta faoi chonas a rachaidh tú chun na scoile agus abhaile arís.**

**Ansin, scríobh síos roinnt nótaí faoin turas. Smaoinigh faoi na rudaí seo a leanas:**

- Conas a rachaidh tú chun na scoile? (ag siúl, ar an rothar, sa charr nó ar an mbus)
- Cén t-am a fhágfaidh tú an teach?
- Cá bhfuil stad an bhus?
- An mbeidh ticéad nó pas bus de dhíth ort?
- Cé a bheidh in éineacht leat?
- Conas a thiocfaidh tú abhaile?
- Cad iad na rialacha sábháilteachta ba chóir duit a leanúint ar an turas?

# Nóiméad Aireachais

**Glac nóiméad leis an bpatrún suaimhneach seo a dhathú.**



# Cluichí Cur in Aithne

Tá sé ríthábhachtach aithne a chur ar na daltaí eile i do rang nua. Beidh tú leis na daoine seo go deireadh na bliana, nó fiú go dtí deireadh na hiar-bhunscoile.

**Roghnaigh roinnt de na cluichí seo thíos agus imir iad le do mhúinteoir ranga/foirme chun aithne a chur ar a chéile.**

## Geandáil Ghasta

Déanann na scoláirí dhá líne os comhair a chéile le cathaoireacha. Tá ar na scoláirí i líne A trí cheist aontaithe a chur ar an duine os a gcomhair i líne B. I ndiaidh 40 soicind bogann líne amháin ar aghaidh chun go mbeidh gach páiste ina shuí in aice leis an gcéad pháiste eile.

## An Longbhriseadh

Rangaíonn grúpaí na hearraí atá de dhíth orthu le maireachtáil i ndiaidh longbhriste.

Déan comparáid idir na freagraí agus pléigh iad.

## Splat

Déanann na himreoirí ciorcal timpeall ar an ‘splatter’ sa lár. Díreoidh an ‘splatter’ ar imreoir agus glaofaidh sé/sí ‘SPLAT!’; caithfidh an t-imreoir sin cromadh síos. Ansin, díreoidh an bheirt ar gach taobh dó/di ar a chéile agus glaofaidh siad ‘SPLAT!’ Is é an duine is moille chun freagairt a bhíonn amuigh, go dtí go bhfanann beirt imreoirí don bhabta deiridh.

## An Scuaine Tostach

Oibríonn na scoláirí le chéile chun iad féin a chur i scuaine de réir airde, ach caithfidh siad seo a dhéanamh i gciúnas iomlán - ina dtost!

Iarr orthu seo a dhéanamh arís, ach an uair seo caithfidh siad oibriú le chéile chun iad féin a chur i scuaine de réir aoise. Arís níl cead cainte acu le linn an chluiche seo.

## Cé Mé?

Féach ar na hEmojis thíos. Iarr ar na daltaí 3 emoji a roghnú a léiríonn cén sórt daoine iad agus iarr orthu a roghanna a mhíniú os comhair an ranga. Is féidir emojis eile a roghnú más fearr leo.

## Bogaigí

Déanann na himreoirí ciorcal mór sa seomra ranga ag úsáid cathaoireacha. Baintear cathaoir amháin agus téann duine amháin sa lár. Deir an duine sa lár ráitis mar seo: ‘Bogaigí má imríonn sibh spórt / Bogaigí má chaitheann sibh spéaclaí / Bogaigí má tá aon pheataí agaibh.’ Má tá an ráiteas seo fíor fút, caithfidh tú bogadh go cathaoir eile. Déanann an duine sa lár iarracht cathaoir a fháil freisin. Má tá tú i do sheasamh ag an deireadh, caithfidh tú dul isteach sa lár agus an chéad ráiteas eile a ghlao amach.



# Cur in Aithne/ Biongó na nDaoine

**Téigh timpeall an ranga agus déan iarracht aithne níos fearr a chur ar na scoláirí i do rang nua. Bí cinnte le duine amháin a ainmniú i ngach bosca. Féach an sampla.**

| | | |
|---|---|---|
| **An imríonn tú peil Ghaelach?**<br>Imríonn Nuala peil Ghaelach do Laochra Loch Lao. | **An imríonn tú iománaíocht/ camógaíocht?** | **An maith leat a bheith ag tarraingt?** |
| **An reathaí thú?** | **An imríonn tú cluichí ríomhaire?** | **An dornalaí thú?** |
| **An seinneann tú uirlis cheoil?** | **An maith leat a bheith ag léamh?** | **An maith leat a bheith ag snámh?** |
| **An raibh tú ar laethanta saoire i mbliana?** | **An dtéann tú ag campáil?** | **An bhuil tú i do bhall do chumann ar bith?** |
| **An imríonn tú cispheil?** | **An maith leat a bheith ag damhsa?** | **An imríonn tú sacar?** |

# Luachanna agus Tréithe

**Is iontach go bhfuil tréithe agus luachanna éagsúla ag gach duine. Cad iad na luachanna is tábhachtaí i do shaolsa? Glaofaidh an múinteoir liosta tréithe amach, bain úsáid as na cártaí thíos chun a léiriú an bhfuil an tréith nó an luach sin agat nó nach bhfuil.**

**Aontaím**

**Easaontaím**

**Braitheann sé**

**Níl mé cinnte**

# Luachanna agus Tréithe

| | | |
|---|---|---|
| Is duine cineálta mé. | Is duine spórtúil mé. | Is duine ceolmhar mé. |
| Is duine foighneach mé. | Is duine ionraic mé. | Is duine cairdiúil mé. |
| Is duine cróga mé. | Is duine greannmhar mé. | Is duine díograiseach mé. |
| Is duine fiosrach mé. | Is duine measúil mé. | Is duine dearmadach mé. |
| Is duine neamhspléach mé. | Is duine cruthaitheach mé. | Is duine tacúil mé. |
| Is duine múinineach mé. | Is duine grámhar mé. | Is duine dearfach mé. |

# Cé do Laoch?

Céard iad na tréithe atá ag an duine seo? An bhfuil ardmheas agat ar an duine seo? B'fhéidir go gconaíonn an duine seo leat; an dlúthchara nó duine cáiliúil ar an scaileán é nó í?

**Déan cur síos ar an duine spreagúil seo sa ghreille thíos. Nó más mian leat, is féidir pictiúr a tharraingt díobh. Mínigh cén fáth gur laoch é nó í.**

Ní gá é a roinnt le haon duine. Ní chaithfidh tú a bheith cailiúil le bheith i do laoch, níl de dhíth ort ach na luachanna cearta a bheith agat!



# Conas a Mhothaíonn Tú?

**Beidh neart rudaí nua le foghlaim agat san iar-bhunscoil.**

**Conas a mhothaíonn tú faoi na rudaí nua seo? Dathaigh na ciorcail thíos:**

**Glas = rudaí a bhfuil tú ag súil leo**

**Dearg = rudaí a bhfuil tú buartha fúthu**

Ag cur aithne ar chairde nua

Clár ama a leanúint

Spórt a imirt

Éide scoile nua a chaitheamh

Ábhair nua a fhoghlaim

Bualadh le múinteoirí nua

Rialacha scoile

Obair bhaile

Mo bhealach a aimsiú sa scoil

# Tacaíocht ar Scoil

Cad a dhéanann tú nuair atá tacaíocht ag teastáil uait ar scoil? Léigh na samplaí seo thíos leis an duine in aice leat agus déan iarracht réiteach a thabhairt do gach ceann.

| | |
|---|---|
| Tá tú déanach ag dul ar scoil. Cad a dhéanann tú? | |
| Déanann tú dearmad ar do chulaith chorpoideachais. Cad a dhéanann tú? | |
| Mothaíonn tú tinn i rith an lae scoile. Cad a dhéanann tú? | |
| Ní thuigeann tú an obair bhaile. Cad a dhéanann tú? | |
| Tá duine eile sa scoil ag cur isteach ort. Cad a dhéanann tú? | |
| Tá tú buartha faoi shábháilteacht scoláire eile. Cad a dhéanann tú? | |
| Déanann tú dearmad ar an téacsleabhar nó an trealamh ranga. Cad a dhéanann tú? | |
| Sáraíonn tú riail na Gaeilge. Cad a dhéanann tú? | |
| Téann tú ar strae sna dorchlaí/pasáistí. Cad a dhéanann tú? | |
| Tá fadhb phearsanta agat. Cad a dhéanann tú? | |

# Féinchúram


**Uaireanta bímid faoi strus agus buartha, go háirithe ag tús aistear nua inár saol. Conas is féidir linn aire a thabhairt dúinn féin le linn na n-amanna sin?**

**Cad a chabhraíonn linn mothú níos suaimhní agus níos fearr agus sinn faoi strus? Féach an sampla.**

**Is féidir liom éisteacht le ceol**

# Nóiméad Aireachais

**Glac noimeád leis an bpatrún suaimhneach seo a dhathú.**



# Rialacha Scoile

**An féidir leat roinnt de na rialacha scoile a ainmniú agus a mhíniú, amhail na rialacha maidir le fáinní cluaise, gutháin phóca, obair bhaile, an Ghaeilge srl?**

Riail na Gaeilge

Riail 2

Riail 3

Riail 4

Riail 5

Riail 6

# Féilire Scoile



**Breac síos aon dátaí tábhachtacha i bhféilire na scoile.**
Scrúduithe? Dráma Scoile? Imeachtaí Spóirt?
Seachtain na Gaeilge? Cruinnithe Tuismitheoirí?
Laethanta Saoire?

### Meán Fómhair

### Deireadh Fómhair

### Samhain

### Nollaig

### Eanáir

### Feabhra

### Márta

### Aibreán



### Bealtaine

### Meitheamh

# Culaith Scoile


**Tarraing pictiúr de do chulaith scoile nua.**
An bhfuil polasaithe ag an scoil maidir le culaith scoile?
Cad atá agus nach bhfuil ceadaithe de réir an pholasaí seo?




| Tá sé ceadaithe | Níl sé ceadaithe |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

# Obair Bhaile



**Má tá tacaíocht ag teastáil uait le hobair bhaile, cad is féidir leat a dhéanamh?**



# Suíomhanna Úsáideacha

**Déan cuardach ar na suíomhanna seo le fáil amach cad atá iontu agus conas is féidir leo cabhrú leat san iar-bhunscoil.**

| An Tairseach | Teanglann.ie |
| --- | --- |
|  |  |
| **Téarma.ie** | **Foclóir.ie** |
|  |  |
| **Súil Siar.ie** | **Ríomhfhoclóir Matamaitice** |
|  |  |
| **TG4 Foghlaim** | **Abair.ie** |
|  |  |

# Riail na Gaeilge

1. Is í Riail na Gaeilge an riail is tábhachtaí i ngach Gaelcholáiste agus Scoil Ghaeltachta. Cén fáth, i do bharúil?

2. Cad is féidir linn a dhéanamh le cinntiú nach sáraíonn muid an riail seo?

# Frásaí Úsáideacha Scoile

| | |
|---|---|
| • A Mhúinteoir...<br>• A Mháistreas...<br>• A Mháistir... | • Bhí mé caillte.<br>• Bhí mé ar strae ar an mbealach anseo.<br>• D'éirigh mé iomlán caillte. |
| • Cuir Gaeilge ar ____________, le do thoil.<br>• Cad í an Ghaeilge ar ___________?<br>• Cén chaoi a ndéarfá …. i nGaeilge?<br>• Conas a déarfá ..... i nGaeilge? | • Cá bhfuil na taisceadáin/ na leithris/ an seomra tíreolaíochta/ an halla spóirt/ an oifig ghinearálta? |
| • Ní thuigim an cheist, ar mhiste leat é a mhíniú arís le do thoil?<br>• Mura miste leat mé á fhiafraí arís, ach cad is ciall le....?<br>• Cad é a chiallaíonn sin?<br>• Cad is ciall leis sin?<br>• Tuigim anois. | • Ní thuigim seo ar chor ar bith!<br>• Tá cabhair uaim.<br>• Tá cuidiú de dhíth orm.<br>• Tá mearbhall iomlán orm go fóill.<br>• Tá mé trí chéile ceart fós. |
| • Cad is brí leis an bhfocal sin?<br>• Cad is brí leis an téarma sin? | • An mbreacfaidh mé seo síos?<br>• Ar cheart é seo a bhreacadh síos?<br>• Bhreac mé é síos cheana féin. |
| • Gabh mo leithscéal. Cad a dúirt tú, a mhúinteoir?<br>• Gabh mo leithscéal. Ní raibh a fhios agam.<br>• Gabh mo leithscéal, níl ann ach go gcaithfidh mé imeacht anois. | • Ar cheart dom é seo a scríobh i mo dhialann scoile? |
| • Mura miste leat, a mhúinteoir, caithfidh mé imeacht anois. Tá coinne fiaclóra/dochtúra agam. | • An mbeidh seo ar an scrúdú/ measúnú?<br>• An bhfuil aon obair bhaile againn anocht? |
| • Táim á dhéanamh. | • Céard atá ar fáil don lón?<br>• Tá ailléirgí orm. Ní ithim... |
| • Maith dom a bheith déanach/ mall.<br>• Bhí an bus déanach agus chaill mé an traein | • Cén t-am/lá a bhíonn traenáil ar siúl? |
| • Is liomsa é.<br>• Ní leatsa é. | • A mhúinteoir, an dtig liom labhairt leat?<br>• A mhúinteoir, An bhféadfainn labhairt leat? |
| • Tá brón orm faoi chur isteach ort, ach an féidir liom an glae a fháil le do thoil?<br>• An bhfuil marcóirí/ glae/ rialóir/ áireamhán de dhíth orainn/ ag teastáil uainn? | • Ghoill sé orm.<br>• Chuir sé isteach orm.<br>• Ní mise a bhí ann. |
| • An féidir liom an ____________ a fháil, le do thoil?<br>• An dtig liom peann a fháil ar iasacht, le do thoil?<br>• An bhfuil eochair bhreise agat? | • A mhúinteoir, mothaím tinn/ tá tinneas orm/ tá mé breoite.<br>• Nílim ar fónamh.<br>• Tá biseach orm.<br>• Tá sos de dhíth orm.<br>• Tá am amuigh ag teastáil uaim. |


# An Ghaeltacht

Úsáidtear an téarma 'Gaeltacht' chun cur síos a dhéanamh ar na ceantair in Éirinn ina labhraíonn go leor daoine an Ghaeilge mar phríomhtheanga. Tá na ceantair seo aitheanta ag an Rialtas, a chuireann tacaíocht ar fáil chun iad a choinneáil láidir.

Tá sé an-tábhachtach an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a chosaint. Cé go bhfuil an teanga faoi bhrú, úsáidtear í fós mar theanga bheo sna ceantair seo. Tá nasc láidir ag muintir na Gaeltachta lena stair agus lena gcultúr. Is áiteanna speisialta iad na Gaeltachtaí agus ba chóir an tsainiúlacht sin a chaomhnú. Tagann go leor den chultúr traidisiúnta ón nGaeltacht mar shampla, damhsa, amhránaíocht agus ceardaíocht.

**Déanaigí plé ar na ceisteanna seo:**

- **An bhfuil na ceantair Ghaeltachta ar fad ar eolas agat?**
- **Cén fáth ar cheart dúinn an Ghaeltacht a chosaint, dar leat?**
- **Cad í an Ghaeltacht is congaraí duit?**
- **Ar chaith tú seal sa Ghaeltacht riamh? / An gcónaíonn tú sa Ghaeltacht?**
- **Má chónaíonn tú sa Ghaeltacht, déan cur síos ar na rudaí is fearr faoin gceantar.**
- **Glaoitear "Conamara" ar an nGaeltacht i nGaillimh. An bhfuil aon cheantar Gaeltachta eile ann a nglaoitear ainm eile air?**
- **Lipeádaigh an léarscáil thíos.**



| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dún na nGall | Port Láirge | Corcaigh | Ciarraí | Maigh Eo | Gaillimh | An Mhí |

# Pobal na Gaeilge

Má labhraíonn tú Gaeilge, is ball de phobal na Gaeilge thú. Is pobal beo, bríomhar é pobal na Gaeilge. Creid é nó ná creid, ní bhaineann an Ghaeilge leis an seomra ranga amháin. Is teanga bheo í atá in úsáid gach lá. Mar a chonaiceamar leis na ceantair Ghaeltachta, labhraítear í go nádúrtha i saol laethúil na bpobal sin. Ní sa Ghaeltacht amháin atá an Ghaeilge in úsáid, áfach. Tá sí le cloisteáil agus in úsáid i ngach cearn den tír seo, thar lear go fiú agus ar líne. Is féidir linn leas a bhaint as seirbhísí trí Ghaeilge agus imeachtaí Gaeilge taobh amuigh de ghéataí na scoile.

**Cén bealach a bhféadfá do chuid Gaeilge a úsáid i do shaol lasmuigh den scoil? Cá bhfuil an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil nó in úsáid taobh amuigh de ghéataí na scoile? Líon na boscaí seo thíos:**

**Suíomhanna idirlíne/Tionchóirí ar líne:**

____________________

____________________

____________________

____________________

**Teilifís/Scannáin:**

____________________

____________________

____________________

____________________

**Leabhair:**

____________________

____________________

____________________

____________________

**Áiteanna/Ionaid/Siopaí/Bialanna:**

____________________

____________________

____________________

____________________

**Ceol/Raidió:**

____________________

____________________

____________________

____________________

**Cumainn, amhail cumainn spóirt, cumainn cheoil nó cumainn óige:**

____________________

____________________

____________________

____________________

# An Mála Scoile



**Cruthaigh seicliosta don trealamh ar fad atá le dul i do mhála scoile. Féach an sampla thíos.**

- [ ] An Dialann Scoile
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 
- [ ] 


# Cumainn Sheach-Churaclaim

**Tá réimse leathan clubanna agus gníomhaíochtaí ar fáil le linn agus tar éis am scoile. Ainmnigh roinnt acu. Ansin, aibhsigh na cinn a mbeadh suim agat iontu.**

| | Cumann Iar-Scoile | Cá háit? Cén t-am? | Múinteoir i bhFeighil |
|---|---|---|---|
| Dé Luain | | | |
| | | | |
| | | | |
| Dé Máirt | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| Dé Céadaoin | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| Déardaoin | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| Dé hAoine | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# Cad is féidir liom a dhéanamh le linn am sosa agus am lóin?

Bain úsáid as na pictiúir thíos le cabhrú leat.



# Nóiméad Aireachais

**Glac nóiméad leis an bpatrún suaimhneach seo a dhathú.**



# Canaimis

Tá teanga agus cultúr ríthábhachtach i ngach Gaelcholáiste agus Scoil Ghaeltachta. Tá saibhreas ársa ag baint leis na hamhráin thraidisiúnta agus leis an amhrán náisiúnta. Cuireann na hamhráin thraidisiúnta go mór lenár scileanna teanga freisin.

**Dúshlán na Seachtaine: Cleacht na hamhráin thíos mar rang agus beidh duais ann do na hamhránaithe is fearr sa bhlianghrúpa.**

## Labhair an Teanga Ghaeilge

*Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,*
*A chuid mo chroí is a stór,*
*An teanga a labhair mo mháthair liom,*
*In Éirinn ghlas fadó.*
*'Sí teanga bhinn ár sinsear í,*
*An chaint is milse glór.*
*Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,*
*Is bain dem chroí an brón.*

*Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,*
*'Sí teanga cheart na nGael.*
*An teanga bhinn is ársa 'tá,*
*Le fáil ar fud an tsaoil.*
*A stór mo chroí is beannacht ort,*
*A chailín óig gan cháim.*
*Cá bhfuil sa saol aon teanga mar*
*Ár dteanga féin le fáil?*

## Amhrán na bhFiann

*Sinne Fianna Fáil, atá faoi gheall ag Éirinn,*
*Buíon dár slua thar toinn do ráinig chugainn,*
*Faoi mhóid bheith saor, Seantír ár sinsear feasta,*
*Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill.*
*Anocht a théam sa bhearna bhaoil,*
*Le gean ar Ghaeil, chun báis nó saoil,*
*Le gunna-scréach faoi lámhach na bpiléar,*
*Seo libh canaig' amhrán na bhFiann.*

Tuilleadh amhrán agus comhaid fhuaime ar fáil anseo:
https://ccea.org.uk/learning-resources/canaimis#section-11764

# Canaimis

## Gráinne

[Cúrfa]

*Ó labhair léi go séimh deas i dteanga bhinn na hÉireann,*
*Is tabharfadsa an chailc is an clár liom,*
*Ná bíodh eagla ar an mbé, beidh sí eadrainn araon,*
*Agus múinfimíd Gaolainn do Ghráinne.*

1. *Cé hí siúd a chím ag tarraingt chugainn aníos?*
   *Agus fós cad is brí lena cuairt chugainn?*
   *'Sí Gráinne Mhilis Mhaol í a chaill a teanga féin,*
   *Is atá chugainn go tréan ar a tuairisc.*

[Cúrfa]

2. *Bhí Gráinne bhocht go tinn 's bhí banaltra i bhfeighil,*
   *A chuir meabhrán is greim uirthi in éineacht,*
   *Do chuaigh sí leis an mBéarla, do thréig sí a teanga féin,*
   *Ach ná bímís á héileamh sa mhéid sin.*

[Cúrfa]

3. *Nach lom í a haghaidh is nach fann í a caint,*
   *Is é an feall mara bhfaighidh sí a sláinte,*
   *Ach cabhraimísne léi agus meallfam an bhé,*
   *Agus tabharfaimid saor linn ón mbás í.*

Físeán: https://www.youtube.com/watch?v=h84nyGyRI0o

# Cad is Cara Maith Ann?

1. Obair bheirte: Oibrigí le chéile le scagadh a dhéanamh ar na tréithe a bhaineann le dlúthchairde agus le droch-chairde?


   Féach an sampla thíos.

| Dlúthchara | Drochchara |
|---|---|
| Bíonn cairde maithe iontaofa. Is féidir a bheith ag brath orthu. | Níl droch-chairde iontaofa. Ní féidir a bheith ag brath orthu. |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

2. Smaoinigh ar chás ina bhfuil do chara i gcruachás agus ar na gníomhartha éagsúla a d'fhéadfá a dhéanamh chun cabhrú leis/léi.

# Is Fearr Cairde ná Ór


**Smaoinigh go cúramach ar na bealaí inár féidir leat a bheith i do chara níos fearr. Scríobh gníomh dearfach amháin ar gach méar agus pléigh cén fáth a gcabhraíonn na gníomhaíochtaí sin le cairdeas maith a chothú.**



# Nach Álainn a Bheith Difriúil

Bíonn cosúlachtaí agus difríochtaí againn ar fad. Dá mbeadh gach duine mar an gcéanna, bheadh an saol seo iontach leadránach! Labhair leis an duine in aice leat agus déan iarracht teacht ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá agaibh.

**Breac síos na rudaí speisialta fút féin i gciorcal amháin agus iarr ar do chara amhlaidh a dhéanamh sa chiorcal eile. Cuir na cosúlachtaí sa lár.**



# Nach Álainn a Bheith Difriúil

1. Téigh i ngrúpaí de chúigear. Nuair a thosaíonn tú sa chéad bhliain, cuirfidh tú aithne ar dhaoine nua. Beidh suimeanna, cúlraí agus pearsantachtaí difriúla acu ar fad. É sin ráite, beidh neart cosúlachtaí eadraibh chomh maith. Mar ghrúpa, déan iarracht teacht ar thrí chosúlacht atá agaibh ar fad.

Cosúlacht 1: *Freastalaíonn muid ar an scoil chéanna.*

Cosúlacht 2: ______________________________

Cosúlacht 3: ______________________________

Cosúlacht 4: ______________________________



# Cairt Ranga

2. Anois, mar ghrúpa, léigí an chairt ranga thíos. An aontaíonn sibh le gach ráiteas? Ar cheart duit ar bith breise a chur leis? Pléigí gach pointe agus, má aontaíonn sibh leis na pointí thíos, sínígí an chairt ranga le dearbhú go léireoidh sibh meas, cineáltas agus comhthuiscint do na scoláirí eile in bhur rang.


## Sa rang seo, aontaímid:

- Go léireoimid meas dá chéile.
- Go mbeimid cineálta agus cabhrach lena chéile.
- Go n-éistimid go measúil le tuairimí daoine eile.
- Go n-aithnímid agus go ndéanfaimid céiliúradh ar ár ndifríochtaí (cultúr, teanga, inscne, cumas, dath craicinn, creideamh, claonadh gnéis srl.)
- Go dtuigimid go bhfuil níos mó i gcoiteann againn ná mar atá éagsúil.
- Go dtacaímid lena chéile agus go gcuirimid fáilte roimh gach duine.
- Go gcuirfimid i gcoinne míchineáltais nó bulaíochta.
- Go ndéanaimid ár ndícheall timpeallacht shábháilte, shona a chruthú do chách.

**Síniú Scoláire:** ______________________________

# Nóiméad Aireachais

**Glac nóiméad leis an bpatrún suaimhneach seo a dhathú.**



# Sprioc na Bliana

**Smaoinigh ar sprioc ba mhaith leat a bhaint amach i mbliana agus scríobh síos í.**

**Is féidir leat rud ar bith a roghnú mar sprioc, mar shampla: aithne a chur ar chara nua, freastal ar chumann seach-churaclaim nó triail a bhaint as spórt nua i mbliana.**

**Sprioc na Bliana:** ______________________________

**Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis an duine in aice leat:**

Cad atá le déanamh agat leis an sprioc seo a bhaint amach? Cad iad na céimeanna chun ratha? Breac síos do smaointe ar an léaráid seo thíos.



# An Seicliosta Ionduchtaithe

- [ ] Tuigim conas a rachaidh mé ar scoil agus abhaile arís.
- [ ] Tá liosta agam d'fhoireann na scoile.
- [ ] Tuigim an bealach leis an dialann scoile a úsáid.
- [ ] Tá mo chlár ama agam.
- [ ] Tá leárscáil scoile agam agus tuigim cá bhfuil na háiteanna seo:
- [ ] An Bhialann.
- [ ] Oifig an Rúnaí.
- [ ] An Clós/ an Halla Spóirt.
- [ ] Na Leithris.
- [ ] Tuigim cad le déanamh má tá mé déanach ar maidin.
- [ ] Tá tuiscint níos fearr agam ar na tacaíochtaí atá ar fáil le cabhrú leis an obair bhaile.

# An Seicliosta Ionduchtaithe

- [ ] Tuigim cad is féidir liom a dhéanamh ag am lóin.
- [ ] Tuigim cén sórt trealaimh atá le cur i mo mhála scoile.
- [ ] Tuigim an cur chuige maidir le corpoideachas agus culaith chorpoideachais.
- [ ] Tuigim rialacha agus smachtbhannaí na scoile.
- [ ] Tuigim riail na Gaeilge agus an tábhacht leis an riail áirithe seo i nGaelcholáiste/ Scoil Ghaeltachta.
- [ ] Tuigim cad atá agus nach bhfuil ceadaithe maidir le culaith scoile de réir an pholasaí.
- [ ] Tá mana na scoile ar eolas agam.
- [ ] Tá cóip den fhéilire scoile agam.
- [ ] Tá níos mó eolais agam faoi na cumainn iar-scoile sa scoil.
- [ ] Chuir mé aithne níos fearr ar na scoláirí eile i mo rang nua.
- [ ] Má tá fadhb agam, tá a fhios agam cá háit le dul.

# Cárta Poist Chugat Féin

**Scríobh cárta poist chugat féin. Seo thíos roinnt moltaí don chárta poist. Is féidir leat breathnú siar ar an gcárta poist i gceann cúpla bliain.**

- Cén chaoi a mothaíonn tú ag tosú sa scoil nua?
- Cad é an imní is mó atá ort?
- An bhfuil cairde nua agat?
- An maith leat do mhúinteoirí nua?
- Cén sprioc atá agat i mbliana?
- Cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a chríochnaíonn tú scoil?
- Cad atá tú ag súil go mór leis?
- Cén t-ábhar is fearr/is fuath leat faoi láthair?
- Ní dhéanfaidh mé dearmad ar….
- Nuair a léifidh mé an cárta poist seo, beidh mé bródúil as…

# Cárta Poist

# Am Ceiliúrtha

**Comhghairdeas! Tá tú críochnaithe leis an bpróiseas ionduchtaithe anois. Déan ceiliúradh ar na rudaí a bhain tú amach le linn an phróisis seo.**

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta